Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Lúnasa 2022
(OR. en)

11904/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0251(NLE)**

**FISC 169
ECOFIN 811
ENER 404**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 408 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 408 final.

Faoi iamh: COM(2022) 408 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.8.2022
COM(2022) 408 final

2022/0251 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas Eorpach a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1] (an 'Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh' nó an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 di go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.

Tá údarú á lorg ag an bPortaingéil chun laghdú sealadach a chur i bhfeidhm ar na rátaí cánach náisiúnta le haghaidh gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair[2], chun iad a chur faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos in Airteagal 7 den Treoir agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

Maireann an tréimhse bhailíochta a iarradh go dtí an 31 Nollaig 2022, ar tréimhse í atá laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

Le litir dar dáta an 2 Bealtaine 2022, chuir údaráis na Portaingéile an Coimisiún ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu an beart sealadach a chur i bhfeidhm. Soláthraíodh faisnéis bhreise an 11 agus an 23 Bealtaine 2022, agus an 8 Meitheamh 2022.

De réir údaráis na Portaingéile, is é is aidhm don bheart maolú a dhéanamh ar na praghsanna arda breosla do thomhaltóirí a bhaineann le hídiú breoslaí mótair[3], ar praghsanna iad a eascraíonn as na forbairtí geopholaitiúla atá ann faoi láthair, agus a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon.

A mhéid a bhaineann le praghsanna fuinnimh agus a dtreocht, de réir na bhfigiúirí a sholáthair údaráis na Portaingéile, ó thús na bliana, tá ardú suntasach tagtha ar phraghsanna (roimh chánacha) i gcás gás-ola agus i gcás an chineáil peitril gan luaidhe is mó a ídítear (*gasolina 95*)[4].

Sa tábla thíos a sholáthair údaráis na Portaingéile, léirítear na meánphraghsanna do thomhaltóirí ag deireadh na míosa mar aon le comhchodanna an phraghais do gach mí ó mhí Eanáir go dtí mí na Bealtaine 2022.

---

1 IO L 283, 31.10.2003, lgh. 51–70.

2 Gás-ola, cóid AC 2710 19 43 go dtí 2710 19 48, agus peitreal gan luaidhe, cóid AC 2710 12 41, 2710 12 45 agus 2710 12 49.

3 Sa Phortaingéil, tá ceadúnas tiomána ag 6.4 milliún duine.

4 Comparáid arna déanamh trí úsáid a bhaint as praghsanna DGEG (*Direção Geral de Energia e Geologia*), ón 21 Feabhra 2022 go dtí an 30 Bealtaine 2022.

| | | | | | | | Cánacha | | | | EUR/Lítear |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirge | Dáta | CAL | Díluchtú agus Stóráil | Ionchorprú Bithbhreoslaí | Ollchorrlach | Praghas roimh Chánacha | ISP | CO2 | CSR | CBL | Praghas Miondíola (PVP) |
| Gás-ola | 31-01-22 | 0,619 | 0,006 | 0,112 | 0,071 | 0,807 | 0,333 | 0,059 | 0,111 | 0,301 | 1,612 |
| | 28-02-22 | 0,647 | 0,006 | 0,111 | 0,094 | 0,858 | 0,333 | 0,059 | 0,111 | 0,313 | 1,675 |
| | 28-03-22 | 0,982 | 0,006 | 0,069 | 0,099 | 1,156 | 0,296 | 0,059 | 0,111 | 0,373 | 1,995 |
| | 25-04-22 | 0,915 | 0,006 | 0,069 | 0,110 | 1,099 | 0,296 | 0,059 | 0,111 | 0,360 | 1,926 |
| | 30-05-22 | 0,945 | 0,006 | 0,104 | 0,061 | 1,116 | 0,168 | 0,059 | 0,111 | 0,335 | 1,789 |
| Peitreal gan luaidhe | 31-01-22 | 0,580 | 0,006 | 0,108 | 0,087 | 0,781 | 0,507 | 0,054 | 0,087 | 0,329 | 1,758 |
| | 28-02-22 | 0,633 | 0,006 | 0,106 | 0,096 | 0,841 | 0,507 | 0,054 | 0,087 | 0,343 | 1,832 |
| | 28-03-22 | 0,810 | 0,006 | 0,066 | 0,134 | 1,016 | 0,490 | 0,054 | 0,087 | 0,379 | 2,027 |
| | 25-04-22 | 0,780 | 0,006 | 0,075 | 0,113 | 0,974 | 0,490 | 0,054 | 0,087 | 0,369 | 1,975 |
| | 30-05-22 | 1,012 | 0,006 | 0,104 | 0,081 | 1,203 | 0,331 | 0,054 | 0,087 | 0,384 | 2,055 |

De réir na Portaingéile, is cosúil gurb í an dleacht mháil an t-aon chomhchuid praghais ar féidir idirghabháil a dhéanamh ina leith chun na praghsanna do thomhaltóirí a laghdú sa ghearrthéarma. Dá bhrí sin, dar léi, tá gá leis an maolú chun an t-ardú tobann ar phraghsanna fuinnimh sa Phortaingéil a leigheas.

Go deimhin, de réir údaráis na Portaingéile, ní féidir **an chéad dá chomhpháirt praghais** sa tábla thuas (i.e. *praghsanna idirnáisiúnta ar dhíorthaigh Brent agus ola (CAL)*, agus *costais díluchtaithe agus stórála*) a laghdú ós rud é gurb iad na fórsaí iomaíocha soláthair agus éilimh sna margaí idirnáisiúnta a chinneann iad.

A mhéid a bhaineann leis **an tríú comhchuid praghais** sa tábla thuas *(costais ionchorpraithe bithbhreoslaí*)[5], de réir údaráis na Portaingéile, bheadh na tionchair dhiúltacha seo a leanas ag laghdú nó ag fionraí ar na spriocanna ionchorpraithe bithbhreoslaí :

(i) gan spriocanna ábhartha RED II[6] a bhaint amach (rud a ardaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa tríd an gcomhchuid iontaise i mbreoslaí a mhéadú);

(ii) damáiste a dhéanamh do thionscal na mbithbhreoslaí agus do thionscal táirgthe beatha ainmhithe; agus

(iii) spleáchas fuinnimh a mhéadú mar gheall ar an úsáid níos mó atá á baint as breoslaí iontaise allmhairithe.

Dá bhrí sin, dar leis an bPortaingéil, ní cosúil go bhfuil sé réasúnach ná iomchuí na spriocanna ionchorpraithe bithbhreoslaí a athrú, go háirithe maidir le díosal. Ina theannta sin, tá meáchan an ionchorpraithe bithbhreoslaí in PVP[7] breoslaí (gásailín agus díosal) níos lú ná 4 %[8].

---

5 Ar an leibhéal náisiúnta, le Dlí Foraithne 117/2010 an 2 Deireadh Fómhair 2010, ina fhoclaíocht reatha, leagtar síos sprioc sainordaitheach ionchorpraithe 11 % le haghaidh bithbhreoslaí.

6 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82) (Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite II).

7 *Preço de Venda ao Público* (praghas do thomhaltóirí).

8 De réir sonraí ón bhfeasachán is déanaí maidir leis an margadh breosla a d'fhoilsigh *Entidade Reguladora dos Serviços Energéticos*.

A mhéid a bhaineann leis an g**ceathrú comhchuid praghais** sa tábla (*ollchorrlach*), chomh maith le bearta beartais eile, tá faireachán tréimhsiúil agus nochtadh poiblí ar threochtaí praghsanna curtha i bhfeidhm cheana féin ag rialtas na Portaingéile agus ag an rialálaí fuinnimh náisiúnta, go háirithe i bhfianaise laghdú ar dhleacht mháil, lena sheiceáil an bhfuil an laghdú iomlán á chur i bhfeidhm ag díoltóirí breosla maidir leis na tomhaltóirí deiridh. Ón 1 Meitheamh 2022, chuir siad i bhfeidhm freisin sásra chun corrlaigh tráchtála a theorannú, tar éis togra ón rialálaí, aon uair a théann na corrlaigh sin thar leibhéil éifeachtúla nó thar chorrlaigh stairiúla.

Ar deireadh, tá an **dleacht mháil**[9] á laghdú ag an rialtas ar bhealach solúbtha faoi láthair, bunaithe ar iompraíocht an mhargaidh agus ar phraghsanna breosla. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le rátaí cánach níos ísle ná na híosrátaí a shocraítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm don sásra sin, i bhfoirm 'rátaí 'yó-yó', cur i gcoinne luaineachtaí sna praghsanna do thomhaltóirí[10].

Ina theannta sin, sa chomhthéacs sin, níl ag éirí leis na hollchorrlaigh, go háirithe na hollchorrlaigh ar ghás-ola, i bhfianaise íosleibhéil chánachais na Treorach.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann údaráis na Portaingéile nach mór an córas dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Treoir a chur i bhfeidhm chun laghduithe cánach a cheadú faoi bhun na n-íosleibhéal a shonraítear sa Treoir mar gheall ar na himthosca socheacnamaíocha atá ann faoi láthair.

Mar shampla (bunaithe ar threochtaí praghsanna a tugadh faoi deara go dtí seo), má thagann méadú 35 % ar phraghsanna gás-ola agus méadú 50 % ar phraghsanna peitril gan luaidhe (roimh chánacha), agus an ráta solúbtha thuasluaite á úsáid, bheadh ar an bPortaingéil an leibhéal cánachais a laghdú go dtí EUR 278/1 000 lítear maidir le gás-ola agus EUR 357/1 000 maidir le peitreal gan luaidhe. Thitfeadh sé sin faoi bhun na n-íosrátaí a leagtar síos sa Treoir.

I bhfianaise leibhéal reatha na héiginnteachta agus na n-athróg margaidh, ní féidir le húdaráis na Portaingéile meastachán a dhéanamh ar na praghsanna le haghaidh na 6 mhí atá amach romhainn. Ar bhonn na n-arduithe praghsanna a luadh cheana, laghdóidís an ráta cánach maidir le gás-ola go dtí EUR 270/1 000 lítear agus an ráta cánach maidir le peitreal gan luaidhe go dtí EUR 350/1 000 lítear. Thitfeadh an dá ráta faoi bhun na n-íosrátaí a leagtar síos in Airteagal 7 den Treoir agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, EUR 330/1 000 lítear agus EUR 359/1 000 lítear faoi seach.

Léirítear sa tábla thíos na meastacháin arna soláthar ag údaráis na Portaingéile.

---

9 Dá dtagraítear sa tábla thuas mar ISP (*Imposto sobre os Produtos Petrolíferos*), $CO_2$ agus CSR (*Contribuição de Serviço Rodoviàrio*).

10 Is éard atá san athbhreithniú seachtainiúil ar dhleachtanna máil laghdú de mhéid a mheastar a bheith coibhéiseach le laghdú teoiriciúil ar an ráta cánach breisluacha (CBL) ar bhreosla bóthair ó 23 % (gnáthráta) go dtí 13 % (ráta laghdaithe níos airde), rud a thabharfaidh ar ais méid urghnách CBL a bailíodh mar gheall ar an méadú ar phraghas margaidh na dtáirgí lena mbaineann.

Cásanna hipitéiseacha

| Táirge | Dáta | Éagsúlacht mhíosúil | Praghas roimh Chánacha | ISP | CO2 | CSR | CBL | PVP | Ráta CBL | Ualach Fioscach Seasta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gás-ola | 30-06-22 | 35% | 1,506 | 0,122 | 0,054 | 0,087 | 0,407 | 2,176 | 23% | 0,670 Gás-ola |
| | 31-07-22 | -10% | 1,356 | 0,121 | 0,059 | 0,111 | 0,379 | 2,026 | 23% | 0,848 Peitreal gan luaidhe |
| | 31-08-22 | -10% | 1,220 | 0,146 | 0,059 | 0,111 | 0,353 | 1,890 | | |
| | 30-09-22 | -10% | 1,098 | 0,169 | 0,059 | 0,111 | 0,331 | 1,768 | | |
| | 31-10-22 | -10% | 0,988 | 0,190 | 0,059 | 0,111 | 0,310 | 1,658 | | |
| Peitreal gan luaidhe | 30-06-22 | 50% | 1,804 | 0,210 | 0,054 | 0,087 | 0,496 | 2,652 | | |
| | 31-07-22 | -10% | 1,624 | 0,244 | 0,054 | 0,087 | 0,462 | 2,471 | | |
| | 31-08-22 | -10% | 1,461 | 0,274 | 0,054 | 0,087 | 0,432 | 2,309 | | |
| | 30-09-22 | -10% | 1,315 | 0,302 | 0,054 | 0,087 | 0,404 | 2,163 | | |
| | 31-10-22 | -10% | 1,184 | 0,326 | 0,054 | 0,087 | 0,380 | 2,031 | | |

Ar deireadh, mar a chuir údaráis na Portaingéile i dtábhacht, ní ghearrfar cáin ar tháirgí fuinnimh ar bhealach éagsúil bunaithe ar shuíomh na ceanncheathrún ná ar náisiúntacht an tsoláthróra nó an tomhaltóra, agus féadfaidh rochtain a bheith ag aon tomhaltóir ar na cineálacha sin táirgí.

Ní féidir an tionchar buiséadach a chainníochtú ag an gcéim seo toisc go mbraithfidh sé ar phraghsanna breosla.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír den Treoir mar a leanas:

'Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.'

Trí bhíthin an laghdaithe cánach a iarradh, atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta, tá sé beartaithe ag údaráis na Portaingéile na praghsanna fíor-ard ar bhreoslaí do thomhaltóirí a mhaolú, agus, ar deireadh, laghdú a dhéanamh ar thionchair shóisialta agus eacnamaíocha na staide geopholaitiúla eisceachtúla atá ann faoi láthair a dhéanann difear do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon.

Leis an laghdú cánach, d'fhéadfaí rátaí dleachta máil náisiúnta a ghearradh ar thairbhithe, ar féidir leo titim faoi bhun íosrátaí cánach an Aontais dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Sa staid gheopholaitiúil eisceachtúil atá ann faoi láthair, bheadh sé sin ábhartha do bhreithnithe an bheartais comhtháthaithe shóisialta. Mar sin féin, ar bhonn an tsásra thuasluaite, bheadh an laghdú ar an dleacht mháil ag brath ar na praghsanna breosla ábhartha.

Is féidir tabhairt isteach an laghdaithe cánach sin a bheartú faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúintí nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

Tá tréimhse theoranta bhailíochta an údaraithe, go dtí an 31 Nollaig 2022, laistigh den uastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, lena leagtar síos, le haghaidh an chineáil sin birt, uastréimhse 6 bliana, agus féadfar í a athnuachan.

Mar sin féin, níor cheart don mhaolú dochar a dhéanamh do ghlacadh gnímh dlí ag an gComhairle amach anseo bunaithe ar thogra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[11].

*Rialacha maidir leis an státchabhair*

Is féidir leis an laghdú cánach sealadach atá beartaithe ag údaráis na Portaingéile titim faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos in Airteagal 7 den Treoir agus i dTábla A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

Tá an togra reatha gan dochar d'aon mheasúnú ar bheart na Portaingéile faoi na rialacha maidir leis an státchabhair. Thairis sin, ní dhéanann an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit comhlíonadh na rialacha maidir leis an státchabhair a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar gach iarraidh ar mhaolú faoi Airteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, an gá atá le hiomaíocht chóir a áirithiú agus beartais sláinte, chomhshaoil, fuinnimh agus iompair an Aontais á gcur san áireamh.

De réir údaráis na Portaingéile, leis an laghdú cánach atá beartaithe, ba cheart an t-ualach sóisialta agus eacnamaíoch ar dhaonra na Portaingéile a mhaolú go páirteach mar gheall ar an ardú ar phraghsanna le déanaí, a tharla freisin mar thoradh ar an gcoinbhleacht san Úcráin. Go deimhin, an staid gheopholaitiúil áirithe seo, mar aon leis an bpraghas margaidh ard ar amhola, ar dócha go dtiocfaidh méadú breise air sna míonna amach romhainn, is ionann é sin agus costais níos airde do theaghlaigh agus do ghnólachtaí na Portaingéile.

Mar thoradh ar an staid eisceachtúil sin, ní dócha go ndéanfaidh an beart sealadach a iarradh difear do thrádáil laistigh den Aontas. I bhfianaise na n-éifeachtaí teoranta agus na tréimhse teoranta a bhaineann leis, níor cheart don bheart an iomaíocht a shaobhadh nó bac a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Mar a cuireadh i dtábhacht i dTeachtaireacht RePowerEU[12], agus béim á cur ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí leochaileacha, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit bearta a ghlacadh lena spreagtar coigilteas fuinnimh agus lena laghdaítear ídiú breoslaí iontaise. Mar sin féin, i bhfianaise na tréimhse giorra agus na n-imthosca eisceachtúla reatha a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil mar aon le praghas margaidh fíor-ard ar ola, is cosúil go bhfuil an maolú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach. Leis an mbeart, cuirtear san áireamh freisin an gá atá leis na cuspóirí sonracha beartais a liostaítear in Airteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, agus go háirithe beartas comhshaoil an Aontais, a chothromú leis an éigeandáil riachtanach chun inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh.

---

[11] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú), 14.7.2021, 563 final 2021/0213 (CNS).

[12] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe* (COM(2022) 108 final, 8.3.2022).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl réimse an chánachais indírigh a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun Ballstát a údarú díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit ionad na Comhairle a ghabháil iad féin. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann na laghduithe thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach.

Maireann an t-údarú a iarradh ar feadh tréimhse theoranta, go dtí an 31 Nollaig 2022.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaíonn an beart meastóireacht ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Phortaingéil agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaíonn sé measúnú tionchair.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéanann an beart foráil maidir le haon simpliú. Is é is toradh ar an iarraidh a rinne an Phortaingéil agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon tionchar ag an mbeart ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuireann an beart seo aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú maidir le laghdú cánach le haghaidh Ballstát aonair ar a iarraidh féin. Soláthraítear é le haghaidh tréimhse theoranta. D'fhéadfadh na rátaí cánach is infheidhme titim faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais a leagtar síos sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcás iarraidh ar athnuachan tar éis dul in éag na tréimhse bailíochta.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Leis an togra ní cheanglaítear aon doiciméad míniúcháin maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go mbeidh cead ag an bPortaingéil rátaí cánachais laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais.

Sonraítear in Airteagal 2 go ndeonaítear an t-údarú a iarradh go dtí an 31 Nollaig 2022, mar a d'iarr an Phortaingéil, laistigh den uastréimhse 6 bliana a cheadaítear leis an Treoir.

2022/0251 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1], agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 2 Bealtaine 2022, d'iarr an Phortaingéil údarú rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, rátaí a d'fhéadfadh titim faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 den Treoir sin. Sholáthair údaráis na Portaingéile faisnéis agus soiléirithe breise chun tacú leis an iarraidh an 11 agus an 23 Bealtaine 2022, agus an 8 Meitheamh 2022. Iarradh go mbeadh feidhm ag an údarú go dtí an 31 Nollaig 2022.

(2) De réir údaráis na Portaingéile, is é is aidhm do chur i bhfeidhm ráta cánach laghdaithe maolú a dhéanamh ar na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha a bhíonn ag praghsanna arda breosla do thomhaltóirí a eascraíonn as an staid gheopholaitiúil, agus a dhéanann difear díreach do theaghlaigh agus do chuideachtaí araon. Is é is aidhm don bheart sin freastal ar na riachtanais laethúla a bhaineann le hídiú breoslaí mótair, trí rannchuidiú le tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna do thomhaltóirí a laghdú.

(3) Ní dócha go ndéanfaidh an t-údarú a iarradh saobhadh ar iomaíocht ná go gcuirfidh sé bac ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise na tréimhse giorra agus na n-imthosca eisceachtúla a bhaineann leis an staid gheopholaitiúil mar aon le praghsanna margaidh fíor-ard ar amhola, is cosúil go bhfuil an t-údarú a iarradh leordhóthanach agus comhréireach. Leis an údarú, déantar na cuspóirí sonracha beartais dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Threoir 2003/96/CE, agus go háirithe beartas comhshaoil an Aontais, a chothromú leis an éigeandáil riachtanach chun inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do ghnólachtaí agus do theaghlaigh. Dhéanfadh an laghdú cánach na costais mhéadaithe fuinnimh a fhritháireamh go páirteach agus níl sé carnach le laghduithe cánach de chineál ar bith eile.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Phortaingéil a údarú rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, mar a iarrtar.

[1] IO L 283, 31.10.2003, lch. 51.

(5) De bhun Airteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, beidh gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin teoranta go docht ó thaobh ama de. Mar sin féin, chun nach ndéanfar dochar d'fhorbairtí ginearálta a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, is iomchuí a fhoráil gur cheart, i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach chun cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú, scoirfeadh an t-údarú sin d'fheidhm a bheith aige an lá a thiocfaidh na rialacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

(6) Tá an cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear don Phortaingéil rátaí laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le gás-ola agus peitreal gan luaidhe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair, faoi bhun na n-íosleibhéal cánachais dá dtagraítear in Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2022.

Mar sin féin, dá ndéanfadh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, córas modhnaithe ginearálta a thabhairt isteach lena ngearrfaí cáin ar tháirgí fuinnimh agus leictreachais arb ina leith nach n-oiriúnófaí an t-údarú a deonaíodh in Airteagal 1 den Chinneadh seo, rachaidh an Cinneadh seo in éag an lá a thiocfaidh na rialacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*